

# Líonra nua bus do Ghaillimh

## Athailíniú ar an mbealach 44 nua i Rathún

Iúil 2026

NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

Rialtas na hÉireann
Government of Ireland

Tionscadal Éireann
Project Ireland
2040

BUS CONNECTS
Do Chathair, Nasctha Níos Fearr
Your City, Better Connected

Rinne Comhairle Cathrach na Gaillimhe comhairliúchán poiblí i mí na Samhna agus i mí na Nollag 2025 maidir le tograí le haghaidh geata bus i Rathún. Chuirfeadh sé ar chumas busanna ar an mbealach nua 44 (ar a dtugtaí bealach 3 roimhe seo) taisteal idir Bun an Chnoic agus Cnoc an Óir. Tá na torthaí foilsithe ag: Geata Bus Molta – Bun an Chnoic / Cnoc an Óir | Comhairle Cathrach na Gaillimhe. Fuarthas 67 freagra, agus bhí 51 acu i gcoinne an gheata bus. Mar sin féin, bhí 56 freagra ag tacú, i bprionsabal, le seirbhísí bus feabhsaithe. **Tar éis an chomhairliúcháin, éiríodh as an togra don gheata bus, agus mar sin tá gá le hathailíniú nua don bhealach bus. Pléadh cúig rogha agus tá ceann amháin acu roghnaithe anois.**

Ar dtús, bhí dhá mholadh ann a bhain le **bonneagar nua bóthair**: ((i) ag rith trí shíneadh ar Bhóthar Dhiarmada agus Bhóthar Leitrí; nó (ii) ag rith trí bhóthar nua ó thuaidh de Bhun an Chnoic. Léirítear na neas-suíomhanna i bhFíor 1.

### Fíor 1: Síneadh ar Bhóthar Dhiarmada nó bóthar nua ó thuaidh de Bhun an Chnoic

*(chun críocha táscacha amháin; níl tógáil áitiúil le gairid ag An Tobar le feiceáil san íomhá seo)*




Bheadh inrochtaineacht bhreise ag baint leis an dá cheann. Mar sin féin, braitheann siad ar bhonneagar nach bhfuil tógtha fós. Chomh maith leis sin, tá an t-ailíniú gorm níos faide ná an togra bunaidh agus bheadh costais oibriúcháin leanúnacha bus breise ann. Dá bhrí sin, níor glacadh le ceachtar de na moltaí seo.

Ar an dara dul síos, moladh dhá rogha don chuid uachtarach den **Chuarbhóthar**, ag freastal ar thithe atá ann cheana féin agus forbairt nua féideartha: (i) tríd an gCuarbhóthar agus Bóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach, chun athcheangal leis an ailíniú atá beartaithe ag Bóthar Shéamais Uí Chuirc; nó (ii) tríd an gCuarbhóthar go dtí áit chasta bus i bhforbairt nua, ansin filleadh tríd an gCuarbhóthar arís chun athcheangal leis an ailíniú atá beartaithe ag Páirc an Taoibh Thiar.

**Fíor 2: An Cuarbhóthar tríd an áit chasta agus an Cuarbhóthar / Bóthar an Chaisleáin Nua Uachtarach**

*(chun críocha táscacha amháin)*




Pléadh seirbhís bus don chuid uachtarach den Chuarbhóthar roimhe seo ach níor glacadh léi le linn comhairliúcháin phoiblí ar an líonra nua in 2023. Tá sé cúng in áiteanna, agus tá baol ann go mbeidh moilleanna ar bhusanna rud a thiocfadh dul i bhfeidhm ar phaisinéirí ar fud na seirbhíse. Tá na hábhair imní seo fós ann. Ina theannta sin, bheadh an dá ailíniú ina malairt slí fada do phaisinéirí tríd an mbealach, agus tá ceann amháin acu ag brath ar bhonneagar amach anseo (ciorcal chun casadh). Dá bhrí sin, níor glacadh leis na moltaí maidir leis an gCuarbhóthar mar chuid de bhealach 44. Tá na hiarratais ar fheabhsú na hiompair phoiblí tugtha faoi deara lena bplé nuair a thiocfaidh deiseanna chun cinn sa todhchaí..

Is é an rogha atá fágtha ná rith trí Bhóthar an Easpaig Uí Dhónaill agus Bóthar Rathúin mar a thaispeántar i bhFíor 3. Roghnaíodh é seo.

## Fíor 3: an t-ailíniú ar an mbealach 44 a roghnaíodh




NTA
Údarás Náisiúnta Iompair
National Transport Authority

An tÚdarás Náisiúnta Iompair,
Teach Mhargadh an Fhéir,
Margadh na Feirme,
Baile Átha Cliath 7, D07 CF98

National Transport Authority,
Haymarket House,
Smithfield,
Dublin 7, D07 CF98